

Togra

An Gníomh um Tháillí Cuaireora

Caibidil 1. Cuspóir agus raon feidhme

Roinn 1-1 Cuspóir

(1) Is é cuspóir an Ghnímh cur le maoiniú earraí poiblí a bhaineann le turasóireacht trí tháille cuairteora i bhfoirm táille.

(2) Is éard atá in earraí poiblí a bhaineann le turasóireacht agus ar féidir iad a mhaoiniú le táille cuairteora, seirbhísí, timpeallachtaí nádúrtha agus cultúrtha, bonneagar, foirgnimh agus acmhainní eile, áit a méadaíonn an úsáid nó an t-éileamh go suntasach le líon na gcuairteoirí.

(3) Is iad na hearraí poiblí a bhaineann le turasóireacht is féidir a mhaoiniú le táille cuairteora do Longyearbyen, bonneagar poiblí agus seirbhísí poiblí atá ina réamhriachtanas do ghníomhaíocht turasóireachta in Longyearbyen, agus seirbhísí eile do thionscal na turasóireachta.

Roinn 1-2 Feidhm an Ghnímh maidir le Svalbard

Tá feidhm ag an gcéad mhír agus ag an tríú mír de Roinn 1-1, roinn 2-3 go roinn 2-10 agus ag roinn 4-1 den Gníomh freisin maidir le Longyearbyen. Féadfaidh an Rí rialacháin a eisiúint maidir leis na hoiriúnuithe is gá as breithniú ar dhálaí áitiúla, cf. roinn 3-1.

Caibidil 2. Táille chóiríochta

Roinn 2-1 Cumhacht chun táille chóiríochta do thurasóirí bardasacha a bhunú

(1) Féadfaidh an bardas, a ndéanann an chomhairle bhordasach ionadaíocht air, táille cuairteora a bhunú chun an cuspóir atá leagtha amach i roinn 1-1 a chomhlíonadh.

(2) Beidh feidhm ag an táille maidir leis an mbardas ina iomláine.

(3) Féadfaidh an bardas, arna ionadú ag an gcomhairle bhordasach, rialacháin a eisiúint ina sonrú na míonna den bhliain a mbeidh feidhm ag an táille chóiríochta ina leith.

(4) Baineann an táille le seomraí, árasáin, cábáin, tithe, talamh, etc. a ligean ar cíós in óstáin, i longa óstáin, i láithreáin champála, i veaineanna campála, i mbrúnna, i gcuanta aoi do bháid fóillíochta agus i mbunaíochtaí cóiríochta eile, lena n-áirítear ligean príobháideach seachas chun críocha tráchtála, áit a bhfuil rochtain ag an gcustaiméir ar na saoráidí cóiríochta idir meán oíche agus 6:00 a.m. agus ar feadh tréimhse níos lú ná 30 lá as a chéile.

(5) Tagann dliteanas táille chun cinn nuair a chuirtear tús leis an bhfanacht thar oíche.

(6) Sonrófar an táille sa doiciméadacht díolacháin le haghaidh na seirbhíse lena bhfuil sí nasctha.

Roinn 2-2 Plean maidir le húsáid an ioncaim a ghintear ón táille chóiríochta

(1) Ullmhóidh an bardas plan maidir le húsáid an ioncaim a ghintear ón táille i gcomhréir leis an gcuspóir a luaitear i roinn 1-1.

(2) Áiríteoidh an bardas go mbeidh gnólachtaí a ndéantar difear dóibh in ann ionchur a sholáthar don phlean.

Roinn 2-3 Díolúintí ón táille chóiríochta

(1) Ní thobheofar aon táille ar chóiríocht ar longa paisinéirí atá faoi bhealach nó ar sheirbhísí cóiríochta comhchosúla eile.

(2) Féadfaidh an Aireacht díolúintí eile ón táille a leagan síos i rialacháin.

Roinn 2-4 Bunús ríofa

(1) Ríomhfar an táille chóiríochta bhordasach mar fhorfhreagair céatadán-bhunaithe de 3 % den táille a íoctar as an gcóiríocht, gan cáin bhreisluacha a áireamh.

(2) I gcás Longyearbyen, féadfar an táille cuairteora a shocrú mar mhéid socraithe.

Roinn 2-5 An táille

(1) Aon duine a dhíolann, ar íocaíocht, an tseirbhís ar a ríomhtar an táille, déanfaidh sé an tseirbhís ar a ríomhtar an táille a ríomh, a bhailiú ón gcustaiméir agus an táille a íoc leis an mbardas ina bhfuil an chóiríocht suite.

(2) Má úsáideann soláthraí nach bhfuil cláraithe sa Chlár Cánach Breisluacha páirtí eile chun an tseirbhís a éascú agus chun íocaíocht a bhailiú thar a c(h)eann, beidh an t-éascaitheoir faoi dhliteanas i ndáil leis an mbardas.

(3) Déanfaidh gnólachtaí atá cláraithe sa Chlár Cánach Breisluacha an táille a ríomh agus a íoc le haghaidh na dtréimhsí céanna agus leis na dátaí dlite íocaíochta céanna a bhfuil feidhm acu maidir leis an tuairisceán cánach ar cháin bhreisluacha.

(4) Déanfaidh gnólachtaí nach bhfuil cláraithe sa Chlár Cánach Breisluacha an táille chóiríochta a ríomh agus a íoc le haghaidh bliain féilire amháin. Is é an dáta dlite don íocaíocht an 10 Márta na bliana dár gcionn.

(5) Tá feidhm ag an gceathrú mír dá réir sin maidir le soláthraithe a ligeann teaghaisí, teaghaisí tánaisteacha nó tithe saoire ar cíos seachas chun críocha tráchtála.

(6) Féadfaidh an Aireacht, i rialacháin, forálacha níos mionsonraithe a leagan síos maidir leis an dliteanas sin faoin dara mír.

Roinn 2-6 *An t-údarás bailithe*

Is é an bardas an t-údarás bailithe.

Roinn 2-7 *Dualgas faisnéis a nochtadh agus eisceachtaí ó dhualgas na rúndachta*

(1) Arna iarraidh sin, cuirfidh an duine atá faoi dhliteanas an táille a íoc an fhaisnéis is gá ar fáil don bhargas chun rialú a dhéanamh ar an mbonn leis an táille a ríomh, a bhailiú agus a íoc. Féadfaidh an bardas teorainn ama a shocrú maidir le faisnéis a nochtadh i gcomhréir leis an gcéad abairt. Ní bheidh an teorainn ama níos lú ná ceithre seachtaine.

(2) Ní chuireann dualgas rúndachta na n-údarás cánach de bhun na chéad mhíre de roinn 3-1 den Ghníomh um Riarachán Cánach cosc ar an mbardas faisnéis a fháil ó na húdaráis chánach lena húsáid ina chuid oibre chun an táille cuairteora a bhailiú agus a rialú, maidir leis an méid seo a leanas:

- a) na cáiníocóirí a bhfuil ioncam tuille ó sheirbhísí cóiríochta sa bhargas acu
- b) an méid ioncaim ó sheirbhísí den sórt sin arna dtuairisciú ag cáiníocóir agus ag cuideachta éascaithe a úsáideann an cáiníocóir
- c) seoltaí gach ceann de na haonaid atá ar cíos ag an gcáiníocóir.

Roinn 2-8 *Fíneáil chomhéigneach*

(1) Má mhainníonn an duine atá faoi dhliteanas an táille a íoc a d(h)ualgais a chomhlíonadh de bhun roinn 2-5 nó roinn 2-7 den chéad mhír, féadfaidh an bardas fíneáil chomhéigneach, a fhabhraítear go laethúil, a fhorchur ar an duine atá faoi dhliteanas an táille a íoc. Ní fhéadfar an fhíneáil chomhéigneach a shocrú níos airde ná cúig oiread mhéid na táille cúirte in aghaidh an lae.

(2) Féadfaidh an bardas rialacháin a eisiúint maidir le leibhéal agus cinneadh na bhfíneálacha comhéigneacha.

Roinn 2-9 *Achomharc agus íocaíocht a iarchur*

(1) Féadfar achomharc a dhéanamh in aghaidh cinntí aonair maidir leis an táille chóiríochta i gcomhréir le rialacha an Ghnímh um Riarachán Poiblí.

(2) Íocfar an táille chóiríochta ag an am agus sa mhéid a shonraítear sa chinneadh, fiú má rinneadh achomharc i gcoinne an chinnidh nó má comhdaíodh caingean dlí in aghaidh an chinnidh.

(3) In imthosca speisialta, féadfaidh an bardas iarchur íocaíochta a dheonú.

Roinn 2-10 *Táille thar téarma agus ús ar íocaíochtaí thar téarma*

(1) Is ionann táille chóiríochta thar téarma agus forais chun an méid atá dlite a fhorfheidhmiú.

(2) I gcás ina n-íocfar an táille leis an mbardas thar téarma, íocfaidh an duine atá faoi dhliteanas an táille a íoc ús i gcomhréir leis an nGníomh a bhaineann le hÚs ar Íocaíochtaí Thar Téarma.

Roinn 2-11 *Fógra*

(1) Tabharfaidh an bardas, gan moill mhíchúí, fógra don Aireacht faoi chinneadh na comhairle bardais rialacháin a eisiúint maidir leis an táille chóiríochta de bhun roinn 2-1.

(2) Féadfaidh an Aireacht rialacha níos mionsonraithe a shonrú i rialacháin maidir le fógairt agus teacht i bhfeidhm na táille.

Caibidil 3. Táille cuairteora do Longyearbyen

Roinn 3-1 *Táille cuairteora do Longyearbyen*

(1) Eiseoidh an Rí rialacháin maidir le táille cuairteora do Longyearbyen. Íocfar an táille cuairteora mar tháille as cóiríocht a sholáthar in Longyearbyen, agus mar tháille do gach paisinéir a thuirlingíonn ó ghnáthlonga cúrsála agus ó longa cúrsála turais i Longyearbyen nó a théann ar bord na long sin.

(2) Maoineofar leis an táille cuairteora bonneagar poiblí agus seirbhísí poiblí atá ina réamhriachtanas do ghníomhaíocht turasóireachta in Longyearbyen, agus seirbhísí eile do thionscal na turasóireachta.

Caibidil 4. Forálacha críochnaitheacha

Roinn 4-1 Teacht i bhfeidhm

(1) Tíocfaidh an Gníomh i bhfeidhm ón dáta a chinneadh an Rí. Féadfaidh an Rí éifeacht a thabhairt d'fhorálacha aonair ag amanna éagsúla.

(2) Féadfaidh an Aireacht, i rialacháin, forálacha idirthréimhseacha a eisiúint maidir le teacht i bhfeidhm.

(3) Go dtí go dtíocfaidh an leasú i roinn 4-2 de roinn 2-14 den Gníomh um Fhorfheidhmiú i bhfeidhm, féadfaidh an bardas an táille cuairteora a bhailiú i gcomhréir leis na rialacha lena rialaítear bailiú cánacha.

Roinn 4-2 Leasuithe ar an nGníomh um Fhorfheidhmiú

Ón dáta a chinneadh an Rí, déanfar na leasuithe seo a leanas ar Gníomh Uimh. 86 an 26 Meitheamh 1992 maidir le forfheidhmiú: I roinn 2-14, cuirtear an mhír seo a leanas léi:

f. Táille cuairteora agus féineil chomhéigneach de bhun an Gníomh um Tháillí Cuairteora